2024/1603

31.5.2024

# CINNEADH (CBES) 2024/1603 ÓN gCOMHAIRLE

## an 31 Bealtaine 2024

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/849 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Bealtaine 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/849 ([1]).

(2) Sna conclúidí uaithi an 17 Iúil 2017, chuir an Chomhairle in iúl go ndéanfadh an tAontas machnamh ar fhreagairtí iomchuí breise a thabhairt ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré ('DPDC') a bhaineann an bonn den chóras domhanda maidir le neamhleathadh agus dí-armáil, go háirithe trí bhearta sriantacha uathrialacha breise.

(3) An 22 Nollaig 2017, i Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, d'athdhearbhaigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ('CSNA') nach ndéanfaidh DPDC aon lainseáil eile ina mbaintear úsáid as teicneolaíocht diúracán balaistíoch, ná aon tástálacha núicléacha, ná aon bhriogadh eile; go bhfuil sé leis na gníomhaíochtaí uile a bhaineann lena chlár diúracán balaistíoch a chur ar fionraí láithreach agus sa chomhthéacs sin na gealltanais a thug sé cheana féin maidir le moratóir ar gach lainseáil diúracán a athbhunú; go bhfuil sé le gach arm núicléach agus gach clár núicléach atá ann cheana a thréigean láithreach ar bhealach iomlán, infhíoraithe agus dochúlaithe, agus go bhfuil sé le scor láithreach de na gníomhaíochtaí gaolmhara go léir; agus go bhfuil sé le haon airm ollscriosta eile atá ann cheana agus aon chláir diúracán balaistíoch atá ann cheana a thréigean ar bhealach iomlán, infhíoraithe agus dochúlaithe.

(4) An 19 Nollaig 2023, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') dearbhú thar ceann an Aontais, an 18 Nollaig 2023, inar cáineadh go láidir gur sheol DPDC diúracán balaistíoch idir-ilchríochach, den chúigiú huair in 2023, tar éis dóibh diúracán balaistíoch gearr-raoin a lainseáil an lá roimhe sin, rud a sháraigh go follasach Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Dúradh go láidir sa dearbhú sin nach mór do DPDC a hoibleagáidí faoi Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh láithreach trí na hairm núicléacha, agus na hairm eile ollscriosta atá aici, agus na cláir diúracán balaistíoch agus na cláir núicléacha atá ar bun cheana féin aici a thréigean, ar bhealach iomlán, infhíoraithe agus dochúlaithe, agus deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí uile lena mbaineann. Athdhearbhaíodh ann nach bhféadfadh stádas stáit arm núicléach i gcomhréir leis an gConradh maidir le Neamhleathadh Núicléach a bheith ag DPDC agus nach mbeidh an stádas sin ag an tír sin choíche. Thathantaigh an tArdionadaí ar DPDC agus ar an Rúis staonadh ó aon chomh-mhalartú trealaimh mhíleata, teicneolaíochta diúracán nó armlóin a dhéanamh agus cloí leis na Rúin leantacha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena gcuirtear toirmeasc glan ar aon onnmhairiú nó allmhairiú arm lena mbaineann DPDC agus cháin sé aon tacaíocht mhíleata a thugann DPDC do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus d'athdhearbhaigh sé gur cúis mhór imní iad na tuairiscí atá faighte ar airm a bheith á n-aistriú ó DPDC chuig an Rúis.

(5) Ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 15 Bealtaine 2024, lainseáil DPDC 12 dhiúracán bhalaistíocha ar a laghad, agus gach ceann de na lainseálacha sin ina shárú glan ar Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(6) Sna ráitis ó Urlabhraí an Ardionadaí an 15 Eanáir 2024 agus an 2 Aibreán 2024, cáineadh lainseáil diúracán balaistíoch DPDC agus athdhearbhaíodh na hiarrataí ar DPDC deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí neamhdhleathacha uile atá ina mbagairt ar an tsíocháin agus ar an tslándáil réigiúnach agus idirnáisiúnta, an tráth céanna tathantaíodh ar DPDC dul i mbun idirphlé leis na páirtithe ábhartha agus a hoibleagáidí faoi Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh maidir lena hairm núicléacha agus a diúracáin bhalaistíocha a thréigean ar bhealach iomlán, infhíoraithe agus do-aisiompaithe.

(7) Sna conclúidí uaithi an 15 Nollaig 2023, cháin an Chomhairle Eorpach an tacaíocht mhíleata atá á tabhairt i gcónaí ag DPDC, ag an mBealarúis agus ag an Iaráin do chogadh foghach na Rúise.

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/183/CBES (IO L 141, 28.5.2016, lch. 79).

(8) Sna conclúidí uaithi an 22 Márta 2024, d'iarr an Chomhairle Eorpach go n-ullmhófaí smachtbhannaí breise i gcoinne DPDC, na Bealarúise, agus na hIaráine.

(9) I bhfianaise na ngníomhaíochtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag DPDC a bhaineann le diúracán balaistíoch, lena sáraítear Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus lena dtugtar neamhaird neamhnáireach orthu, agus i bhfianaise na tacaíochta míleata a thugann DPDC do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ba cheart seisear daoine aonair agus trí eintiteas (lena n-áirítear dhá shoitheach) a chur ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2016/849 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis seo Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Bealtaine 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

H. LAHBIB

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Cinneadh (CBES) Uimh. 2016/849 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal ‘I. Daoine agus eintitis atá freagrach as cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó a bhaineann le harmáin ollscriosta eile, nó daoine nó eintitis atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir, nó eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu’, faoin bhfo-cheannteideal ‘A. Daoine’, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis:

| | Ainm | Ailias | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Ráiteas ar Chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| ‘37. | SONG Rim<br>송림 | Naya Liu | Dáta breithe: 25.2.1991<br>Náisiúntacht: DPDC (DPRK)<br>Inscne: fireann | 31.5.2024 | Tuairiscíonn Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe gur oibrí é Song Rim don “Biryugang Overseas Technology Cooperation Company” (Ceann na Roinne Forbartha TF), atá nasctha go díreach le “Hapjanggang Trading Corporation”, atá faoi réir Aireacht Thionscal na Roicéad i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré. Mar oibrí TF de chuid DPDC, sainaithníodh Song Rim i bhfíseán bolscaireachta de réir dealraimh le haghaidh aip haiceála glaoscaireachta, ar ar tharraing Painéal na Saineolaithe aird ina thuarascáil mheántéarmach 2022. Dá bhrí sin, tá an duine aonair sin bainteach le soláthar tacaíochta do chláir aindleathacha DPDC. |
| 38. | KIM Chol Sok | Sok Kha; Lee Un-Kang; Chang Sok-kha; Kang Hyok; Li Yun-chiang; Steven Lee | Dáta breithe: 1.1.1970<br>Náisiúntacht: DPDC (DPRK)<br>Inscne: fireann<br>Pas: D0004492 (pas taidhleoireachta na Cambóide, neamhbhailí faoi láthair) | 31.5.2024 | Tuairiscíonn Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go raibh óstáin, ceasaíní, bialanna agus beáir á n-oibriú ag oifigeach faisnéise de chuid Reconnaissance General Bureau of the DPRK , darb ainm Kim Chol Sok, sa Chambóid ó lár na 2020í ar aghaidh agus gur oibrigh sé chun a ghníomhaíochtaí gnó a leathnú sa turasóireacht agus in earnálacha gnó eile, ar nós mianadóireacht miotail lómhair. Trína ghníomhaíocht aindleathach sa Chambóid, tá airgeadra eachtrach á ghiniúint aige agus é ag obair don Reconnaissance General Bureau. Tá Reconnaissance General Bureau of the DPRK faoi smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe ó Rún 2270 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2016 i leith . Tá baint dhíreach ag Kim Chol Sok le sárú rúin CSNA agus le cistí a chur ar fáil do chláir aindleathacha DPDC. |

| | Ainm | Ailias | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Ráiteas ar Chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 39. | RIM Yong Hyok | Abu Rim | Dáta breithe: 4.3.1972<br>Áit bhreithe: DPDC (DPRK)<br>Náisiúntacht: DPDC (DPRK)<br>Inscne: fireann<br>Leas-Ionadaí den Korea Mining Development Trading Corporation (KOMID) sa tSiria | 31.5.2024 | Is é Rim Yong Hyok Leas-Ionadaí an Korea Mining Development Trading Corporation (KOMID), atá faoi smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe, sa tSiria, arb é an príomhdhéileálaí arm agus an príomhonnmhaireoir earraí agus trealaimh ó DPDC a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha agus le gnáth-airm. De réir Thuarascáil Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Korea Mining and Development Trading Company (KOMID) agus a fho-seach-chealla, is eol go bhfuil ról mór ag fiontair atá faoi úinéireacht stáit DPDC i ndíolachán arm DPDC i gcoinbhleachtaí domhanda. Tá airm agus armlón de dhéantús DPDC á gcur chun cinn agus á soláthar ag Rim Yong Hyok sa tSiria, lena n-áirítear do náisiúnaigh Rúiseacha, rud a d'fhág gur ainmníodh é faoi smachtbhannaí na Stát Aontaithe. Tá baint dhíreach aige le cláir aindleathacha DPDC.'; |

(b) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis atá freagrach as cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó a bhaineann le harmáin ollscriosta eile, nó daoine nó eintitis atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir, nó eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu', faoin bhfo-cheannteideal 'B. Eintitis', cuirtear an iontráil seo a leanas leis:

| | Ainm | Ailias | Suíomh | Dáta ainmniúcháin | Faisnéis eile |
|---|---|---|---|---|---|
| '7. | Hapjanggang Trading Corporation<br>합장강무역회사 | | | 31.5.2024 | Tuairiscnn Painl Saineolaithe na Nsi Aontaithe go bhfuil Hapjanggang Trading Corporation faoi rr Aireacht Tionscail Roicd DPDC. Is gnmhaireacht de Roinn an Tionscail Muinisean an Aireacht Tionscail Roicd, atfreagrach as teicneolacht nclch agus diac a fhorbairt. Mar sin, tbaint dheach aige le clr aindleathacha DPDC.' |

(c) faoin gceannteideal 'II. Daoine agus eintitis a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais nó a aistríonn sócmhainní nó acmhainní a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracán balaistíoch nó le harmáin ollscriosta eile', faoin bhfo-cheannteideal 'A. Daoine', cuirtear an méid seo a leanas leis:

| | Ainm | Ailias | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Ráiteas ar Chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| '7. | KIM Kyong Nam<br>김경남 | | Da breithe: 11.7.1976<br>Nsitacht: DPDC (DPRK)<br>Inscne: fireann<br>Foreign Trade Bank of the Democratic People's Republic of Korea Representative in Khabarovsk, Caidhm na Rse | 31.5.2024 | Tfaisns faighte ag Painl Saineolaithe na Nsi Aontaithe roinnt Ballst de chuid na Nsi Aontaithe maidir le Kim Kyong Nam a bheith ina ionadaar Foreign Trade Bank (FTB) prmhbhanc malairte eachtraDPDC. Chuir Coiste na Comhairle Slda, arna bhunde bhun R 1718 (2006) Chomhairle Slda na Nsi Aontaithe, FTB faoi rr smachtbhannaan 26 Iúil 2022. Dbhrsin, tbaint dheach ag Kim Kyong Nam le solhar tacachta do chlr aindleathacha DPDC.'; |

(d) faoin gceannteideal 'II. Daoine agus eintitis a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais nó a aistríonn sócmhainní nó acmhainní a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracán balaistíoch nó le harmáin ollscriosta eile', faoin bhfo-cheannteideal 'B. Daoine', cuirtear an iontráil seo leis:

| | Ainm | Ailias | Suíomh | Dáta ainmniúcháin | Faisnéis eile |
|---|---|---|---|---|---|
| '1. | Korea Namgang Trading Corporation (NTC)<br>조선남강무역회사 | Korea Namgang Trading Company | Pyongyang, DPDC | 31.5.2024 | Tá "Korea Namgang Trading Corporation" freagrach as oibrithe a easdúichiú ó DPDC, lena n-áirítear iad a easdúichiú chun ioncam a ghiniúint do rialtas DPDC nó do Pháirtí Oibrithe na Cóiré. Tá Namgang Trading Corporation páirteach i dtimthriall lóistíochta easadúichiú na n-oibrithe agus láimhseálann sé víosaí, pasanna agus imeachtaí phearsanra DPDC d'fhostaíocht thar lear. Agus an méid sin déanta, aisdúichíonn pearsanra DPDC cistí ar ais chuig DPDC, agus seoltar cuid acu sin díreach ar ais chuig rialtas DPDC. An t-easdúichiú leanúnach seo atá á dhéanamh ag DPDC ar a gcuid náisiúnach féin mar oibrithe aindleathacha, is cuid é sin d'iarracht atá ar siúl i gcónaí ag féachaint leis an mbonn a bhaint de Rún 2375 (2017) agus Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus lena seachaint.'; |

(2) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal 'A. Daoine', cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| '32. | AN Se-Ho<br>안세호 | Da breithe: 15.6.1976<br>Pas: 572110043<br>Nsitacht: DPDC (DPRK)<br>Inscne: fireann<br>Idirghabhado thionscadal ta monarchan armln i Mail | 31.5.2024 | Is taidhleoir de chuid DPDC An Se-Ho a bhina Chd Ratrh in Ambasd DPDC in Conakry (an Ghuine). Dadh an Ambasd i mna Nollag 2023. Ba an prmh-chomhordaitheoir do mhonarcha armln a tadh i Mail In 2022, bhuail sle hAire Riarachn Chrchaigh agus Daithe MhailAbdoulaye Maa. I mna Samhna 2022, bhuail sfreisin le hoifigigh shinsearacha junta Mhailchun tl na monarchan in Dialakorobougou, gar do Bamako, a phl |
| 33. | Oleg Nikolaevich KOZHEMYAKO<br>Олег Николаевич КОЖЕМЯКО | Da breithe: 17.3.1962<br>t bhreithe: Chernigovoka, (Rsis: Черниговка)<br>Pas: 572110043<br>Nsitacht: Rseach<br>Inscne: fireann<br>Gobharnr, Primorsky Krai, Caidhm na Rse | 31.5.2024 | Ina chl mar ghobharnr ar rgi Primorsky Krai de Chaidhm na Rse, bhr lnach ag Oleg Nikolaevich Kozhemyako i gcuairt oifigil Kim Jong Un ar Chaidhm na Rse i mMhe Fhair 2023. Le linn na cuairte sin, bhronn Kozhemyako armra agus dar Kim Jong Un mar bhronntanais dlena dtabhairt ar ais do DPDC, de shar rn Chomhairle Slda na Nsi Aontaithe. Bainfidh fsaarmtha DPDC d as an har sin agus athchreofar rud a fhann gur aistriindeach teicneolachta chuig DPDC atann. Sa tslsin tsag cabhrle smachtbhannana Nsi Aontaithe a sheachaint.'; |

(b) faoin gceannteideal 'B. Eintitis', cuirtear an iontráil seo a leanas leis:

| | Ainm (agus ainmneacha féideartha eile) | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| '10. | Eastern Stevedoring Company (a.k.a. Vostochnaya Stevedoring Company LLC)<br>ООО "Восточная Стивидорная Компания" | Seoladh: 14a, ul. Vnutriportovaya. Vrangel-1 692941 Nakhodka, Cónaidhm na Rúise | 31.5.2024 | Oibríonn The Eastern Stevedoring Company, ar a dtugtar Vostochnaya Stevedoring Company freisin, na críochfoirt ag príomhphort coimeádán chianoirthear na Rúise in Vostochny Port. Is tríd an gcalafort sin i gCónaidhm na Rúise a aistríodh na mílte coimeádán d'airm agus d'armlón DPDC chuig fórsaí armtha na Rúise sular tugadh iad gar do bhrollach an chatha san Úcráin. Mar oibreoir Vostochny Port, bhí baint ag Eastern Stevedoring Company le haistrithe arm ó DPDC go dtí Cónaidhm na Rúise, de shárú ar Rúin 1718 (2006) agus 1874 (2009) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.'. |